C/2026/5716

30.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12449 — POSCO / JSW / SAFFRON / PMH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5716)

1. An 19 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— POSCO Holdings, Inc. ('POSCO', Poblacht na Cóiré),

— JSW Steel Limited ('JSW', an India),

— Saffron Resources Private Limited ('Saffron', an India), faoi rialú JSW,

— POSCO Maharashtra ('PMH', an India) faoi rialú POSCO.

Gheobhaidh POSCO agus JSW rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Saffron, lena n-áirítear PMH (a gheobhaidh Saffron).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda cruach agus ábhar é POSCO. Oibríonn POSCO ar fud punann éagsúlaithe réimsí gnó, lena n-áirítear próiseáil cruach, litiam agus nicile, ábhair ceallraí tánaisteacha, hidrigin agus cealla breosla, fuinneamh, foirgníocht, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide,

— Tá JSW i mbun cruach agus táirgí gaolmhara a tháirgeadh agus a sholáthar san India agus i margaí domhanda eile.

3. Níl aon oibríocht ghnó ag Saffron faoi láthair. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais PMH: próiseáil agus soláthar táirgí cruach i margadh na hIndia, lena n-áirítear leatháin chruach mótarfheithiclí agus táirgí cruach ard-bhreisluacha eile, le hoibríochtaí i stát Maharashtra.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12449 — POSCO / JSW / SAFFRON / PMH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË